# Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíochta Scoil na Leanaí leis an bpolasaí thuas luaite chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iomprar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024. Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompar bhulaíochta as do chearta na leanaí mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal uile scoile, comhoibriú lena chéile d'fhonn iompar bhulaíochta a chosc, dul i ngleic léi agus déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompar bhulaíochta.

Táimid tiomanta go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar Scoil na Leanai saor ó dhíobháil, chomh fada is gur féidir linn, agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud a bhíonn idir lámha againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompar bhulaíochta ar shaol ár scoláirí. Táimid tiomanta go hiomlán d'iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi mar atá luaite sa pholasaí seo.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí agus baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear:

- inscne
- stádas sibhialta
- stádas clainne
- claonadh gnéasach
- reiligiún
- aois
- míchumas
- cine
- a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Geallaimid go ndéanfaimid gach is féidir linn, go réasúnta, chun cosc a chur ar gach eachtra bulaíochta nó ciapadh tuairiscithe ag ár scoláirí in aon fhoirm agus cibé spreagadh atá ann.
Tá tuiscint shainiúil ag scoileanna Caitliceacha ar an duine daonna, ag aithint go bhfuil gach duine cruthaithe i ndéanamh agus i gcosúlacht Dé agus go bhfuil dínit dúchasach aige/aici mar leanbh Dé. Is é seo an bunús lena chinntiú go gcaitear le gach duine inár scoil le meas agus le cúram, i gcomhréir leis an Sceideal Chaitlicigh.
Mar scoil Chaitliceach, táimid tiomanta do dhínit gach duine aonair a urramú. Níl aon duine daonna le díluacháil. Tá ról le himirt ag gach duine i bpobal na scoile, beag beann ar an difríocht.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

**Iompar spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.**

D'fhéadfadh an dochar a bheith

- Fisiciúil
- Sóisialta
- Mothúchánach

Leanann iompar bhulaíochta ar aghaidh **thar thréimhse ama** agus **bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist** ann sa chaidreamh **idir beirt nó grúpaí daoine** sa tsochaí.

**> Iompar Spriocdhírithe: Iompar a léirítear d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht**, nuair is eol don scoláire a bhfuil an iompar bhulaíochta á léiriú aige nó aici, go bhféachann nó go bhféachfaidh an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn an iompar, ar an iompar, mar iompar dhíobhálach**. Ní iompar thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht**. D'fhéadfadh  gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoin nó cailleadh maoine) dochar sóisialta (mar shampla, cúlú, uaigneas, eisiamh) agus/nó dochar mothúchánach (mar shampla, lagmheas, dúlagar, imní). D'fhéadfadh sé tionchar diúltach, tromchúiseach, fadthéarmach a bheith aige ar an scoláire a fhulaingíonn an iompar bhulaíochta. Má cheapann an scoláire, nó an duine óg atá ag fulaingt de bharr an droch-iompar, gur fíor an dochar leantach, **ach** nach bhfuil sé ar intinn ag an scoláire dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht. Mar sin féin, tá sé tábhachtach  go rachfaí i ngleic leis faoi Chód Iompair na Scoile.

**> Iompar Leantach: Patrún iompair atá córasach agus leanúnach thar thréimhse ama is ea bulaíocht**. Ní mheastar gurb ionann bulaíocht agus eachtra aonair as líne, ina léirítear iompar dhiúltach d'aon ghnó, agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo. Ach mar sin féin, ní mór dul i ngleic leo sin faoi Chód Iompair na Scoile. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go measfaí **gurb ionann agus bulaíocht, teachtaireacht/íomhá/físeán amháin a chur ar line, nuair is deimhneach go ndéanfar í/é a athphostáil nó a roinnt le daoine eile**.

**> Neamhchothroime Cumhachta:** In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an scoláire atá ag fulaingt na bulaíochta, é féin nó í féin, a chosaint, de bhrí go bhfuil míúsáid á bhaint as neamhchothroime cumhachta, bíodh sin fíor nó bréagach. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumas, cumhacht an phiarghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena náirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachais speisialta.

In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht), d'fhéadfadh  go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil, seilbh ar fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus gan an scoláire ar a bhfuil an iompar dírithe air/uirthi, a bheith ábalta ábhar gránna ar líne a bhaint, nó éalú ón mbulaíocht.

**Iompar nach iompar bhulaíochta í: Ní hionann eachtra aon uaire d'iompar dhiúltach in aghaidh scoláire eile agus iompar bhulaíochta**. Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompar bhulaíochta, mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó de seans ann go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin, gur iompar leantach atá iontu. Ní mheastar go bhfuil iompar bhulaíochta i gceist nuair a tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine/nó daoine, nó fanacht mar chairde ag duine/ag daoine, mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile, lena náirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas. D'fhéadfadh  go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí le riachtanais speisialta oideachais agus go gcuirfidís a gcuid riachtanais in iúl le hiompar a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear an iompar sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú. Ní iompar thimpisteach ná meargánta atá sa bhulaíocht. Má mheasann an scoláire a bhfuil  dochar á fhulaingt aige nó aici go bhfuil fíordhochar á dhéanamh dó nó di, ach nach bhfuil sé i gceist ag an scoláire eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht. Is féidir leis an iompar sin a bheith coscrach. Déantar foráil do straitéisí chun dul i ngleic le hiompar mhíchuí laistigh de Chód Iompair na Scoile. Déantar foráil i gCód Iompair na Scoile freisin do straitéisí chun déileáil le hiompar mhíchuí nach iompar bhulaíochta í.

**Iompar Choiriúil:** I gcásanna áirithe, féadfar iompar bhulaíochta a mheas mar iompar choiriúil agus d'fhéadfadh feidhm a bheith le hiarmhairtí dlí. **Is é 12 bhliain aois na freagrachta coiriúla in Éirinn**. D'fhéadfadh roinnt den iompar ar líne a bheith mídhleathach. Ní mór go mbeadh a fhios ag scoláirí go mbaineann impleachtaí forleathana le hábhar míchuí nó dochrach a phostáil ar líne. I gcásanna a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta, leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020, ar

a dtugtar 'Dlí Coco' freisin, déantar coir as íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan toiliú. Déantar coir freisin as bagairt a dhéanamh na híomhánna sin a roinnt. Má tá foréigean fisiciúil nó bagairt foréigin i gceist le hiompar bhulaíochta, d'fhéadfaí a mheas gur ionsaí atá inti. Má tá leithcheal nó fuathchaint i gceist le hiompar bhulaíochta a dhíríonn ar an scoláire agus atá bunaithe ar chine, reiligiún, eitneacht, claonadh gnéis nó bunaithe ar an scoláire a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil, d'fhéadfaí é sin a mheas mar choir fuatha faoin Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha 1989, agus d'fhéadfaí cúiseanna coiriúla a chur ina leith siúd a bhíonn páirteach in iompar den chineál sin. Má tá ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéis i gceist leis an iompar bhulaíochta, d'fhéadfaí é sin a mheas mar iompar choiriúil. Is é an Garda Síochána an túdarás cuí chun iompar choiriúil líomhnaithe a fhiosrú.

**Nuair atá iompar bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí**: In Alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, leagtar dualgas reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a oiread agus is féidir, mar "sholáthraí seirbhíse ábhartha" go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil, saor ó dhíobháil, fad atá sé/sí ag freastal ar an scoil nó seachas sin, ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Is 'Daoine atá faoi Shainordú' iad múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoin 'Acht um Thús Áite do Leanaí'. Tá dualgas dlíthiúil orthu faoin 'Acht Dochar do Leanaí' a shroicheann nó a sháraíonn tairseach shainithe a thuairisciú do Tusla, agus mar aon leis sin, cúnamh a thabhairt do Tusla, má iarrtar é, maidir le hábhar imní atá mar ábhar na tuairisce faoi shainordú, a mheas. Mura sroicheann an t-ábhar imní an tairseach do thuairisciú faoi shainordú, ach más dóigh le múinteoir go bhfuil ábhar imní réasúnach ann faoi leas nó faoi chosaint linbh, ba cheart tuairisc a dhéanamh do Tusla faoin 'Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí'. Baineann an 'Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí' le gach duine. Ní mór do gach ball foirne agus oibrí deonach i scoil, ábhair imní réasúnacha a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus do Tusla. Foráiltear sna 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar bhunscoileanna' (Arna leasú in 2023), gur cheart do gach ball foirne ábhair imní réasúnacha a thuairisciú don Teagmhálaí Ainmnithe, a ghlacfaidh le comhairle agus/nó a dhéanfaidh na hábhair imní a thuairisciú do Tusla. Más múinteoir cláraithe é an ball foirne agus má tá an t ábhar imní ag an tairseach ag a gcaithfear tuairisc faoi shainordú a dhéanamh nó os a cionn, cuirfidh an múinteoir cláraithe agus an Teagmhálaí Ainmnithe, tuairisc ar an eachtra, ar aghaidh go TUSLA.

## Forbairt/Athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi:

- Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile:<br><br>• Olive Cróc<br>• Clíona Ní Mhurchú<br>• Seán Mac Gearailt<br>• Nioclás Mac Craith<br>• Hannah Ní Mhóinbhíol | Eanáir-Bealtaine 2025 | • Cruinniú Foirne chun An Polasaí Bí Cineálta a phlé.<br>• An Plean Gníomhaíochta<br>• Traenáil Proifisiúnta- eagraithe ag OIDE.-déanta ag Seán agus Olive.<br>• Na hathruithe a bheidh i bhfeidhm<br>• Cóip de 'Nósanna Imeachta Chun Iompar Bhulaíochta a Chosc' a scaipeadh i measc na foirne.<br>• Aiseolas a bhailiú ón bhfoireann faoin bpolasaí nua agus é a phlé.<br>• Ceistneoirí foirne a scaipeadh agus na torthaí a phlé-Márta/Aibreán 2025<br>• Ceistneoirí na scoláiri a scaipeadh, na torthaí a mheas agus a phlé-Aibreán 2025 |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Ceistneoirí na dtuismitheoiri a scaipeadh agus na torthaí a iniúchadh agus a phlé-Bealtaine 2025.<br>• Dréacht chóip den pholasaí a chur le chéile, é a phlé agus a chur os comhair an Bhoird Bainistíochta- Meitheamh 2025. |
| Scoláirí Scoil na Leanaí 2024-2025 | Márta- Bealtaine 2025 | • Márta- an polasaí nua a phlé le scoláirí agus aiseolas a bhailiú i dtaobh cúrsaí bulaíochta sa scoil ( Déantar suirbhéanna go rialta i rith na bliana)<br>- Deis a thabhairt do scoláirí ionchur a bheith acu sa pholasaí nua trí pholasaí an scoláire a dhearradh leo.<br>• Aibreán- Ceistneoirí na scoláirí a scaipeadh. Torthaí a iniúchadh, a mheas agus a phlé mar fhoireann |
| Tuismitheoirí Scoil na Leanaí 2024-2025 | Bealtaine 2025 | • Ceistneoir do thuismitheoirí a scaipeadh agus a bhailiú<br>• Aiseolas na dtuismitheoirí a mheas agus a phlé mar fhoireann<br>• Roinnfear an polasaí nua le tuismitheoirí nua i Mí Lúnasa 2025 agus lorgófar aiseolas uathu. |
| Bord Bainistíochta Scoil na Leanaí. | Eanáir -Meitheamh, 2025 | • Bhí Niall Ó Ceadagáin i láthair ag an gcéad chruinniú foirne chun an polasaí a phlé.<br>• De réir mar a cuireadh an polasaí le Chéile, tugadh dréacht do Niall Ó Ceadagáin, mar bhall den Bhord, lena é a mheas.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí Bí Cineálta. Lorgófaí é a fhaomhadh,tar éis don Bhord Bainistíochta an dréacht pholasaí a inniúchadh agus a phlé, ag cruinniú an Bhoird, Meitheamh 2025. |
| Pobal na scoile i gcoitinne (Nioclás- an Cuntóir Teangan) | Eanáir-Bealtaine 2025 | • Bhi Nioclás bainteach le gach cuid den phróiséas agus ionchur aige sa pholasaí Bí Cineálta. |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: 28/06/2025 | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 28/06/2025 | | |

## Iompar Bhulaíochta a Chosc:

Leagtar amach anseo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil chun dul i ngleic le gach cineál iompar bhulaíochta, is cuma cén fhoirm agus cibé spreagadh a bheidh ann, lena n-áirítear iompar bhulaíochta ar líne, iompar bhulaíochta homafóbach agus trasfóbach, iompar bhulaíochta ciníche, iompar bhulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach. Ina measc sin, tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar gach saghas bulaíochta de réir mar is cuí. Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag Scoil na Leanaí chun iompair bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

- Cumhdach Leanaí- Faofa Mí na Samhna 2024.
- Ag Obair le Chéile- Faofa Aibreán 2025
- An Cód Smachta-Faofa Aibreán 2025
- An Polasaí Frith-Bhulaíochta (I bhfeidhm go dtí Lúnasa 2025)
- Dínit San Áit Oibre-Faofa Aibreán 2025
- Úsáide Inghlachta-Faofa Aibreán 2025
- An Polasaí Sceithireachta-Faofa Aibreán 2025.

Agus muid ag forbairt na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh Scoil na Leanaí chun gach cineál iompar bhulaíochta a chosc, tagaimid ó chomhthéacs ár n-éiteas Caitliceach, áit a bhfuil an chuimsitheacht fite fuaite lenár scoil ar fíorbhealaí.

Glacann an scoil seo céimeanna dearfacha chun a chinntiú go bhfuil cultúr na scoile ina bhfáiltítear roimh idirphlé agus teagmháil measúil leis an éagsúlacht agus leis an difríocht trína chinntiú go dtugtar tús áite do straitéisí coisctheacha agus cuimsitheacha agus go ndéantar iad a phlé go rialta ag cruinnithe den bhord bainistíochta agus ag cruinnithe foirne.

- **Cultúr agus Timpeallacht** Tá cultúr agus timpeallacht Scoil na Leanaí dearfach, ionchuimsitheach agus fíorriachtanach chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba cheart go mbeadh timpeallacht na scoile mar spás ina mothaíonn scoláirí agus baill foirne na scoile muintearas agus ina mothaíonn siad go bhfuil siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu. Ba cheart an caidreamh, idir gach ball de phobal Scoil na Leanaí, a bheith bunaithe ar mheas, cúram, ionracas agus muinín. Cabhraíonn cumarsáid oscailte idir Foireann an Choláiste, an Pátrún, Bord Bainistíochta, Foirne Scoile, Scoláirí agus Tuismitheoirí, chun cur chuige comhoibríoch agus freagrachtaí comhroinnte a chothú maidir le hiompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Téann foireann ceannaireachta Scoil na Leanaí i gcion ar chultúr na scoile agus leagann siad síos na caighdeáin agus na hionchais do phobal na scoile nuair atáthar ag cosc iompair bulaíochta agus ag dul i ngleic léi. Tá sé de fhreagracht ar gach ball de phobal Scoil na Leanaí, cultúr scoile, nach bhfuil aon ghlacadh le hiompar bhulaíochta ann, a fhorbairt agus a choinneáil agus cur chuige seasmhach a ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompar bhulaíochta. Is féidir le scoláirí cultúr na scoile a mhúnlú trí chineáltas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, laistigh dá bpiarghrúpa agus timpeallacht scoile atá dearfach agus tacúil do gach duine a choinneáil. Mar chomhpháirtithe gníomhacha in oideachas a linbh, is féidir le tuismitheoirí cabhrú agus timpeallacht a chothú, nach bhfuil aon ghlacadh le bulaíocht inti, má chuireann siad comhbhá agus meas chun cinn.
- **Ní gá gur binn béal ina thost -** Tacaíonn pobal na scoile le timpeallacht ina dtuigtear nach binn béal ina thost i gcónaí. Spreagfar tuairsciú ar iompar bhulaiochta i dtimpeallacht sábháilte.
- **Duine Fásta Iontaofa -** Tugtar le fios do scoláirí gur féidir leo labhairt le baill foirne am ar bith má bhíonn an scoláire fhéin nó scoláire eile ag fulaingt de bharr bulaíochta. Cuirtear an scoláire sin ar a s(h)uaimhneas agus mínítear dóibh go bhfuil an ceart ag an scoláire an iompar a thuairsciú. Cuirtear an duine fásta iontaofa, an Príomhoide agus gach ball foirne ar an eolas faoi, gan mhoill. Leanfaidh an duine fasta iontaofa ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don scoláire.(Ag brath ar an áit ina bhfuil sé/sí lonnaithe)

- **Spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú i Scoil na Leanaí:-** Beidh spás fisicúil sábháilte ar fáil i Leabharlann na Scoile.

- Déanfaidh Foireann na Scoile maoirseacht ar scoláirí i spásanna atá infheicthe go soléir.
- Déanfar a chinntiú go bhfuil soilsiú maith sa scoil chun cuinní agus spásanna dorcha a sheachaint.

- Cinnteoidh gach ball foirne atá i mbun maoirseachta ag amanna sosa, go bhfuil an clós agus gach scoláire feiceálach.

**Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)**

Tá Scoil na Leanaí tiomanta do theagasc agus foghlaim atá comhoibrioch agus measúil a chur chun cinn agus muintearais agus comhbhá a fhorbairt i measc scoláirí trí(d):
- An Curaclam OSPS, OCG agus an clár 'Bí Sábháilte' a mhúineadh, ina bhforbrófar scileanna shóisialta agus mhothúchánach an scoláire.
- An Curaclam Corp Oideachais a mhúineadh, ina bhforbrófar scileanna imeartha agus aclaíochta, comhoibriú mar ghrúpa agus meas a bheith acu ar a chéile.
- Dheiseanna a thabhairt do scoláirí oibriú lena chéile i ngrúpaí beaga, lena bpiaraí sa seomra ranga agus i suíomhanna uile scoile.
- Mheasunú leanúnach a dhéanamh ar iompar bhulaíochta sa scoil ( Plé Ranga/ Suirbhéanna/Cruinnithe Rialta le Foireann Bainistíochta an Choláiste).

**Polasaithe agus Pleanáil :**
Ta folláine phobal na scoile mar chroílár de pholasaithe Scoil na Leanaí. Tacóidh na polasaithe seo a leanas leis an bpolasaí Bí Cineálta
- An Polasaí Bí Cineálta na Scoláirí
- An Cód Iompair
- An Polasaí Um Chumhdach Leanaí
- An Polasaí Usáidte Inghlactha
- Ag Obair Le Chéile.

**Caidreamh agus Comhpháirtíocht(aí):**

Tuigeann Foireann Scoil na Leanaí go bhfuil nasc láidre idirphearsanta thar a bheith tábhachtach chun iompar bhulaíochta a chosc. Déanfaidh siad seo a leanas, caidreamh agus comhpháirtíochtaí a neartú, idir baill de phobal Scoil na Leanaí:

- Plé, atá aoisoiriúnach, a dhéanamh ar na cúiseanna atá le hiompar bhulaíochta agus an tionchar a bhíonn aici ar dhuine.
- Comhairle na nDaltaí a bhunú ag tús gach scoil bhliain ina roghnófar roinnt daltaí ó gach rang chun freastal ar chruinnithe rialta le Múinteoir Clíona. Baileofar aiseolas ó na scoláirí i suíomh neamhfhoirmeálta agus sábháilte.
- Roinntear an polasaí Bí Cineálta le gach tuismitheoir ag tús gach scoil bhliain. Moltar dóibh é a léamh agus é a phlé lena bpáiste agus iarrtar orthu aiseolas a thabhairt.
- Bíonn teagmháil rialta ag an múinteoir ranga le tuismitheoirí na scoláirí agus iarrtar ar thuismitheoirí labhairt leis an bPríomhoide nó leis an Múinteoir Ranga más gá.
- Eagraítear cruinnithe rialta le Foireann Bhainistíochta an Choláiste chun folláine na scoláirí a phlé agus roinntear eolas leo i dtaobh eachtrai bhulaíochta má tharlaíonn siad sa scoil.
- Cuirtear baill an Bhoird ar an eolas i dtaobh eachtrai bhulaíochta ag cruinnithe an Bhoird
- Roinntear eolas le baill foirne na scoile i dtaobh eachtrai bhulaíochta.

Is í dínit agus folláine an duine aonair an rud is tábhachtaí inár bhfreagairt Chríostaí. Éistfidh an scoil seo go géar le tuismitheoirí agus déanfaidh siad idirphlé leo, rud a chothóidh caidreamh comhthuiscineach, meas, muinín agus iontaoibh.

Agus straitéisí coisctheacha á bhforbairt ag an scoil againn, éisteofar le daoine óga agus lena dtuismitheoirí, chun cabhrú lena gcomhthéacs agus riachtanais shonracha a bhunú. Úsaidfear tréimhsí machnaimh go minic agus rannphairtíocht bhreise ón scoil, ó dhaoine óga agus ó thuismitheoirí, chun tacaíochtaí cuí do dhaoine óga sa scoil a aithint agus chun cabhrú le hathbhreithniú straitéisí coisctheacha as seo amach.

**Cineálacha sonracha iompar bhulaíochta a chosc:**

## Ag dul i ngleic le hIompar Bhulaíochta:

Seo a leanas  múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompair bhulaíochta má tharlaíonn:

-Gach múinteoir ag freastal ar Scoil na Leanaí agus an Cúntóir Teangan.

Nuair a tharlaíonn iompar bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

> A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.

>Iarracht príobháideachas na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

>Gach comhrá a reachtáil le  híogair.

>Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.

> Éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

> Ghníomhú go tráthúil.

>Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas a ;uaithe is féidir.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompar bhulaíochta á dhéanamh, an cur chuige a ghlacfar chun dul i ngleic leis an iompar bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn :

1.Déanfar tuairisciú ar:
* Cad a tharla?
*Cár tharla an iompar bhulaíochta?
*Cathain ar tharla sé?
*Cén fáth gur tharla an iompar bhulaíochta?

2.Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, labhófar le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús. Ansin labhrófar le gach scoláire mar ghrúpa.
3.Mar ghrúpa, iarrfar ar gach scoláire cúntas ar ar thárla a scríobh.
4.Tabharfar tacaíocht do gach scoláire i ndiaidh an chruinnithe.
5.Féachfar ar na critéir shoiléire maidir le hiompar bhulaíochta a aithint agus a bhainistiú.
Bainfidh an scoil úsáid as an cur chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompar bhulaíochta :

1. Tabharfar tacaíocht don scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á fhulaingt aige/aici.
2. Tabharfar tacaíocht don scoláire a léiríonn an iompar bhulaíochta.
3. Cloífear leis na prionsibil seo a leanas agus aghaidh á thabhairt ar iompar bhulaíochta

> a chinntiú go néistfear leis an scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á fhulaingt aige/aici agus go gcuirfear é/í ar a s(h)uaimhneas
> iarracht a dhéanamh príobháideachas na ndaoine atá i gceist a chinntiú
> gach comhrá a reachtáil le híogair
> aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a chur san áireamh
> éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á fhulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás
> gníomhú go tráthúil
> tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir.

(lth 43 agus 44 Bí Cineálta  Nósanna Imeachta chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, 2024.)

Déanfar gach eachtra bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin,beidh an cineál iompair, cá háit agus cathain ar tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus le tuismitheoirí.  Déanfar na gníomhaíochtaí agus

na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompar bhulaíochta a dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompar bhulaíochta maidir le cosaint leanaí, déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.*

**Maoirseacht:**


Cuirfidh an Príomhoide uasdátú ar iompar bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo, beidh líon na n-eachtraí bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí bulaíochta, cuirfidh an Príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompar bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. ( Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.)

(lth 50-52 Bí Cineálta Nósanna Imeachta chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, 2024.)

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín Choláiste na Rinne faoin bhfo-theideal 'Scoil na Leanaí' agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo, in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil. Tá Polasaí na Scoláirí ar fáil freisin ar an suíomh gréasáin thuasluaite agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus an cur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

*Bíonn Rang 6 nua againn gach bliain agus déanfar *Polasaí Bí Cineálta na Scoláirí* nua gach Méan Fómhair.


Sínithe:
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)
Dáta: 28/6/25.

Sínithe:
(Príomhoide Scoil na Leanaí)
Dáta: 28/06/25

Dul i nGleic le hIompar Bhulaíochta:

### Ag aithint cé acu ar tharla nó nár tharla iompar bhulaíochta

In *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*, sainmhínítear an bhulaíocht mar iompar spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompar bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Chun a chinneadh gur iompar bhulaíochta í an iompar a thuairiscítear, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil an iompar dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?
- An bhfuil sé i gceist dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach á dhéanamh de bharr na droch-iompar?
- An bhfuil an iompar á léiriú arís agus arís eile?

Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompar bhulaíochta í an iompar agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta.

Tabhair Aire: D'fhéadfadh go measfaí gurb ionann eachtraí aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh go measfaí gurb ionann agus iompar bhulaíochta teachtaireacht ghoilliúnach amháin a phostáiltear ar na meáin shóisialta mar is ródhócha go ndéanfar í a roinnt agus mar sin, déanfar iompar leantach di. Más ' Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompar bhulaíochta í.

Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompar mhíchuí. Nuair atáthar ag aithint ar tharla nó nár tharla iompar bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir:

- Cad, cá háit, cathain agus cén fáth a bhreithniú?
- Seicliosta in Aguisín C a úsáid mar chúnamh chun iompar bhulaíochta a aithint.
- Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús.
- Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach scoláire atá i gceist mar ghrúpa.
- Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach scoláire de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe grúpa.
- B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú iarraidh ar na scoláirí atá i gceist a gcuntas ar an eachtra/na heachtraí a scríobh síos.

## I gcás gur tharla iompar bhulaíochta

- I gcás gur tharla iompar bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht.
- Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Ba chóir taifead a choimeád den phlé a deineadh le gach scoláire.
- Ba chóir go ndéanfadh an taifead seo doiciméadú ar fhoirm agus ar chineál an iompair bhulaíochta, más eol sin (féach Mír 2.5 agus 2.7 de ghnásanna Bí Cineálta), cá háit agus cathain a tharla sé agus dáta na teagmhála tosaigh leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí.
- Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompar bhulaíochta san áireamh sa taifead.

Tá pobal uile na scoile freagrach as iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Oibríonn Scoil na Leanaí leis an bPátrún, leis an mbord bainistíochta, leis an bhfoireann, le scoláirí agus lena dtuismitheoirí chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## Cur chuige

- Tá sé mar phríomhaidhm ag Scoil na Leanaí aghaidh a thabhairt ar thuairiscí d'iompar bhulaíochta, stop a chur leis agus, chomh fada agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur.

Nuair a théann siad i ngleic le hiompar bhulaíochta, ba chóir do mhúinteoirí:

> A chinntiú go mothaíonn an scoláire a bhfuil iompar bhulaíochta á fhulaingt aige/aici go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi agus go bhfuiltear á c(h)ur ar a s(h)uaimhneas.

>Iarracht a dhéanamh príobháideachas na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

>Gach comhrá a dhéanamh go híogair.

> Cuirfear aois agus cumas na scoláirí atá i gceist san áireamh.

> Éisteofar le tuairimí an scoláire a bhfuil an iompar bhulaíochta á fhulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

> Gníomhú go tráthúil.

>Tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist a chur ar an eolas.

Iarphlé i gcás gur tharla iompar bhulaíochta

> Ní mór don mhúinteoir dul i mbun plé arís leis na scoláirí agus na tuismitheoirí atá i gceist——**tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh**.

> ar na tosca tábhachtacha atá le breithniú mar chuid den phlé seo, tá cineál na hiompar bulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh, agus an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist.

> ba chóir don mhúinteoir an t-athbhreithniú le scoláirí agus lena dtuismitheoirí a dhoiciméadú chun a fháil amach an bhfuil deireadh leis an iompar bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí ina leith sin.

> ba chóir an dáta, ar cinneadh go raibh deireadh, leis an iompar bhulaíochta, a thaifeadadh freisin.

>ba chóir aon rannpháirtíocht le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin.

> d'fhéadfadh go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach a chur ar fail do na scoláirí, fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompar bhulaíochta.

> mura bhfuil deireadh leis an iompar bhulaíochta, ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh, i gcomhairle leis na scoláirí agus a dtuismitheoirí, agus ba cheart amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go mbeidh deireadh leis an iompar bhulaíochta.

> más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompar bhulaíochta á léiriú aige/aici, ag leanúint leis an iompar bhulaíochta, ba chóir smaoineamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompar mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair na scoile. Má dhéantar pionóis smachta a bhreithniú, is ceist í sin idir an scoláire ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

> Mura bhfuil tuismitheoir(í) sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompar bhulaíochta, de réir Ghnásanna Bí Cineálta Chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, ba chóir iad a threorú chuig gnásanna gearán na scoile.

> Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompar bhulaíochta, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an scoláire.

Uasdátú ar Iompar Bhulaíochta a Sholáthar:

Uasdátú ar Iompar Bhulaíochta a Sholáthar do chruinniú an Bhoird Bainistíochta 28/06/2025

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí na n-eachtraí iompar bulaíochta a tuairiscíodh ó chruinniú an bhoird bainistíochta roimhe seo, ní mór don phríomhoide an t-eolas seo a leanas a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-eachtraí iompar bulaíochta **nua** a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompar bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompar bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo. | |

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompar bulaíochta ó bhí an cruinniú deireanach ann, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú agus ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh nuair is cuí:

> Na treochtaí agus na patrúin a aithníodh, mar shampla foirm na hiompair bulaíochta, an cineál bulaíochta.

> Iompar bhulaíochta más eol sin, láthair na hiompraíochta bulaíochta, cathain a tharla sé etc.

> Na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompar bhulaíochta

> Aon straitéisí níos leithne chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

> Má tharla aon eachtraí tromchúiseacha d'iompar bhulaíochta a raibh drochthionchar suntasach acu ar scoláire

> Má chuir tuismitheoir in iúl don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompar bhulaíochta thuairiscithe

> Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil ón mbord bhainistíochta

> Más gá athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile roimh an athbhreithniú bliantúil, déanfar sin.

Níor cheart go n-áireofaí leis an uasdátú seo aon eolas pearsanta ná eolas a d'fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a aithint.

## Athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta

Ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta Scoil na Leanaí agus ar é a chur i bhfeidhm i gcomhairle le pobal na scoile. Mar chuid den athbhreithniú, ní mór an doiciméad seo a chomhlánú.

### Bí Cineálta

1. Cathain a ghlac an Bord go foirmiúil lena pholasaí Bí Cineálta chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi i gcomhréir le Gnásanna Bí Cineálta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna? *Cuir isteach an dáta deiridh ar ghlac an scoil le polasaí Bí Cineálta* 28/06/2025

2 Cá háit sa scoil a bhfuil an polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint? Sa Siúltán ar pháipéar A3

3 Cén dáta ar fhoilsigh an Bord an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí ar shuíomh idirlín na scoile/an Choláiste? 23/08/2025

4. Conas a cuireadh an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do scoláirí? Plé ranga agus plé leo mar ghrúpa iomlán, ceachtanna OSPS.

5. Conas a cuireadh an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do thuismitheoirí? Seolfar abhaile é. Iarrfar orthu labhairt leis an scoláire faoi bheith deas lena Chéile agus labhairt le duine fásta ar an gcampus má dhéantar bulaíocht ar pháiste.

6. Ar cuireadh polasaí Bí Cineálta na scoile agus gnásanna *Bí Cineálta na Scoile chun Iompar Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* in iúl d'fhoireann uile na scoile?

**Cuireadh** ■ **Níor Cuireadh** ☐

7. An ndéanann an polasaí Bí Cineálta doiciméadú ar na straitéisí a úsáideann an scoil chun iompar bhulaíochta a chosc?

**Déanann** ■ **Ní dhéanann** ☐

8. An bhfuair an Bord an tUasdátú ar Iompar Bhulaíochta a chuir an Príomhoide i láthair ag gach gnáthchruinniú le linn an bliana féilire seo caite agus ar taifeadadh sna miontuairiscí iad?

**Fuair** ■ **Ní bhfuair** ☐

**Taifeadadh** ■ **Níor taifeadadh** ☐

9. Ar phléigh an Bord an chaoi a bhfuil an scoil ag dul i ngleic le gach tuairisc ar iompar bhulaíochta?

**Phléigh** ☐ **Níor phléigh** ☐ **N/A**

10. An bhfuil an Bord sásta go ndeachthas i ngleic le gach eachtra iompar bhulaíochta de réir Pholasaí Bí Cineálta na scoile? **Tá** ☐ **Níl** ☐ **N/A**

11. Ar cuireadh na straitéisí coisctheacha i bPolasaí Bí Cineálta i bhfeidhm? **Cuireadh** ■ **Níor Cuireadh** ☐

12. Ar phléigh an Bord éifeachtacht na straitéisí a úsáidtear chun iompar bhulaíochta a chosc?

**Phléigh** ■ **Níor Phléigh** □

13. Conas a chuathas i gcomhairle le (a) tuismitheoirí, (b) scoláirí agus (c) foireann na scoile mar chuid den athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta?

2024-2025 Tugadh ceistneoirí do na tuismithmitheoirí agus na páistí

Bhí baint ag an bhfoireann scoile leis an bpolasaí

14. Tabhair breac-chuntas ar aon ghnéithe de pholasaí Bí Cineálta na scoile agus/nó a chur i bhfeidhm a sainaithníodh mar ghnéithe a raibh gá tuilleadh feabhais a chur orthu mar chuid den athbhreithniú seo

Déanfaidh na scoláirí 2025-2026 an polasaí nua i mbliana atá in oiriúint do pháistí

15. Sa chás gur sainaithníodh réimsí i gcomhair feabhais tabhair breac-chuntas ar conas a rachfar i ngleic leo sin agus ar cé acu ar forbraíodh nó nár forbraíodh plean gníomhaíochta mar aon le hamlínte? **N/A**

16. An gá an polasaí atá in oiriúint do scoláirí a uasdátú mar thoradh ar an athbhreithniú seo agus más gá cén fáth?

Tá, do na scoláirí nua 2025-2026

17 . An ndéanann an scoil tuismitheoirí a threorú chuig na gnásanna gearán má tá gearán acu faoin gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic le hiompar bhulaíochta?


■ Déanann □ Ní dhéanann

18. Ar chuir tuismitheoir in iúl don scoil gurFh scoláire an scoil mar gheall ar iompar bhulaíochta thuairiscithe.

□ Chuir ■ Níor chuir

19. An ndearna Oifig Ombudsman na Leanaí imscrúdú a thionscnamh nó a chríochnú ar an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic le heachtra iompar bulaíochta?

□ Rinne ■ Ní dhearna


Sínithe:
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)
Dáta: 28/6/25.


Sínithe:
(Príomhoide Scoil na Leanaí)
Dáta: 28/06/25

Dáta don chéad athbhreithniú eile: Téarma 1 2025

Fógra faoi athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta Scoil na Leanaí:

Deimhníonn Bord Bainistíochta Scoil na Leanaí go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta, ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile, chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus ar a chur i bhfeidhm ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta ar an 28/06/2025 .

Rinneadh an t-athbhreithniú ~~seo i gcomhré~~ir leis na ceanglais in *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'IarBhunscoileanna* ón Roinn Oideachais.


Sínithe:
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)
Dáta: 28/6/25.

Sínithe:
(Príomhoide Scoil na Leanaí)
Dáta: 28/06/25